

1. Cad a rinne tú i rith na seachtaine? What did you do during the week?

2. Ar thug tú cuairt riamh ar bhaile beag deas? Did you ever visit a nice little village?

3. An fearr leat an chathair mhór nó baile beag iargúlta? Do you prefer the big city or a small remote village?

4. An raibh tú in iarsmalann mhaith riamh? Were you ever in a good museum?

5. Cad a chonaic tú san iarsmalann? What did you see in the museum?

6. An bhfaca tú áit bheannaithe riamh? Did you ever see a holy place?

Bailte: Tír an Fhia, Conamara
TG4

Towns: Teeranea, Connemara
TG4

1. Ceantar na nOileán a thugtar ar ghrúpa oileán atá suite idir Cuan Chill Chiaráin agus Cuan an Fhir Mhóir i ndeisceart Chonamara. The group of islands located between Cuan Chill Chiaráin and Cuan an Fhir Mhóir in South Connemara is called “Ceantar na nOileán”.
2. Tá mise ag tabhairt cuairt ar oileán Gharumna, ceann de na hoileáin is mó agus ar bhaile ar a dtugtar Tír an Fhia. I am visiting Garmna island, one of the largest islands, and a town called Teeranea.
3. Baile ina bhfuil os cionn 200 (dhá chéad) duine ina gcónaí ann. A village in which there are over 200 people living there.
4. Ceann de iarsmaí an tseansaoil ar an mbaile ná Tobar Naomh Anna, patrún Cheantar na nOileán. One of the relics of the old world in the village is St. Anna’s Well, the patron saint of Ceantar na nOileán.
5. Agus tobar a bhfuil an-ómós ag muintir Thír an Fhia *dhó* fós inniu. And a well that the people of Teeranea still greatly respect.
6. Tá mé le bualadh le bean a bhfuil an-chur-amach aici ar sheanchas na háite. Sin í Sally Uí Ghionnáin. I am meeting with a woman who has a lot of knowledge about the local folklore. She is Sally Uí Ghionnáin.
7. Dia dhuit, Síle, agus fáilte go Ceantar na nOileán. Go raibh míle maith agat. Hello, Sheila, and welcome to Ceantar na nOileán. Thank you very much.
8. Tá tú istigh ar Oileán Gharumna anois, ‘sé Tír an Fhia a thugtar ar an áit seo. You are on Garmna Island now, this place is called Teeranea.
9. Agus deirtear go dtáinig an t-ainm Tír an Fhia ón bhfocal “fia” mar go raibh an áit lán de *fiannaí* fadó. And they say that the name Teeranea came from the word “deer” because the place was full of deer long ago.
10. Mar go raibh go leor *crainnte* anseo. As there were many trees here.
11. Tá sé deacair a shamhlú anois, nach bhfuil? Nach bhfuil? It’s difficult to imagine now, isn’t it? Isn’t it?
12. Agus sin é séipéal Thír an Fhia feicthe siar uait ansin. And that’s Teeranea church you see over there.
13. Agus tá an Máimín níos faide amach. And Máimín further out.
14. Agus tá Doirín Darach anseo ar an taobh eile uait. And Doirín Darach is here on the other side of you.
15. Tá Trá Bhán síos uait anseo. The White Beach is down below you here.
16. Agus beidh Tír an Fhia an baile is fear *acub*? And Teeranea will be the best village of them.
17. Ó, is é an baile is fearr ar fad *acub*. Oh, it’s the best village of them all.

18. Agus anseo anois feiceann tú *siod é* Loch Tan. And here now you see Loch Tan.
19. Is ansin a bhí muidne ag fáil uisce nuair a bhíomar inár ngasúr. Ab ea? ‘Sea. It’s there that we would be getting water when were children. Realy? Yes.
20. Agus siod é an tobar. Siod é tobar Naomh Anna. And this is the well. That’s St. Anna’s well.
21. Is áit an-speisialta í seo dhuit a cheapfainn, ab ea? This is a very specie place for you, I would think.
22. Ó sea, Síle. Tá mé ag *tíocht* anseo ó bhí mé i mo ghasúr. Oh yes, Sheila. I’ve been coming here since I was a child.
23. Agus tá an t-uafás daoine ag déanamh turas do dhuine éicint a bhí tinn san ospidéal. There are a lot of people making a trip for someone who was ill in the hospital.
24. Deireadh na seandaoine dá bhfeicfeadh tú feithidí beo ar bharr an uisce go raibh leigheas i ndán don duine sin. The old people would say that if you were to see live insects on the surface of the water, that health was in store for that person.
25. Agus de réir mar a bhí na blianta ag dul ar aghaidh agus daoine ag fáil leighis ann, thosaigh daoine ag cur pictiúir ann agus *suaitheantaisí*. And as the years went on and people getting a cure there, people began putting pictures and badges there.
26. B’fhéidir go raibh siad ag guí don Mhaighdean Bheannaithe nó ag Padre Pio. Perhaps they were preying to the Blessed Virgin or Padre Pio.
27. Feiceann tú *íomhanta*, rinneadh ceann de Naomh Anna féin. You see statues, they made one of St. Ann herself!
28. Agus chuir fear as an áit an balla seo suas cúpla bliain ó shin. And a man from the area put this wall up a few years ago.

Ceisteanna

1. Cad is ainm don áit sa chlár seo?
2. Cén baint atá le Tír an Fhia le fianna.
3. Cad is ainm ton tobar sa chlár?
4. Cén oileán ar a bhfuil Síle agus Sally?
5. An bhfuil mórán fianna ar an oileán faoi láthar.

Questions

1. What is the name of the place in this program?
2. What relationship is there between Teeranea and deer.
3. What is the name of the well in the program?
4. Which island are Sheila and Sally?
5. Are there many deer on the island at present?